

## Ábhar

## Conairí éagsúla gairme

### Téacs Éisteachta

Beirní Ní Chuinn ag labhairt faoi na conairí éagsúla gairme a lean sí go dtí seo ina saol.

### Forbairt Bhreise

Sliocht as an dán ‘Shocktin’ le Michael Davitt (as *Scuais*, Cló Iar-Chonnachta: 1998).

Le caoinchead ó Chló Iar-Chonnachta.

Sliocht as an lámhleabhar *Do Ghairm le Gaeilge* (GTI Specialist Publishers Limited: 2009).

ar fáil ag

<http://gradireland.com/languages/>

Le caoinchead ó GTI Specialist Publishers Limited.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc  
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

# Beirní Ní Chuinn: Conairí Gairme

## Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le Beirní Ní Chuinn, láithreoir raidió le Raidió na Gaeltachta, ag cur síos ar chinntí éagsúla gairme a rinne sí ina saol. Sula n-éistfidh tú leis an mír, déan an réamhobair thíos.

### Plé

- An bhfuil aon chonair gairme i d'aighe agat faoi láthair?
- Cén fáth ar roghnaigh tú an Ghaeilge – an bhfuil do rogha ceangailte le cúrsaí gairme?
- An bhfuil aon rudaí ar leith ba mhaith leat a bhaint amach i do shaol?

### Tasc

- Dá mbeifeá le post / gairm a roghnú, cad iad na rudaí is tábhachtaí duit? Déan liosta agus cuir i gcomparáid é le liosta duine eile.

## Éisteacht

- Éist leis an mír agus breac nótaí a chabhródh leat amlíne a dhéanamh de na cinntí gairme ar fad a rinne Beirní. Ar an dara héisteacht seiceáil do chuid eolais agus ansin cuir i gcomparáid é leis an méid atá scríofa ag an duine in aice leat.
- Cad a deir Beirní faoi na nithe seo a leanas?

APSO  
an Uaimh  
TG4  
Raidió na Gaeltachta  
Fianna Fáil  
iarchéim

- Conas a chuirfeá síos ar stíl chainte Bheirní?

## Feasacht Teanga

- Tá roinnt mhaith tréithe canúna le sonrú ar chaint Bheirní. Féach ar an liosta thíos agus abair cé acu sampla a bhaineann leis an gcanúint atá ag Beirní agus cé acu a bhaineann leis an gCaighdeán Oifigiúil.

|                    |                   |
|--------------------|-------------------|
| i nGaillimh        | sa Ghaillimh      |
| go dteastaigh      | gur theastaigh    |
| go dtí sin         | go dtí san        |
| tharla gur tháinig | tharla go dtáinig |
| don dtír           | don tír           |
| faoin tráth sin    | faoin dtráth sin  |
| thar n-ais         | ar ais            |
| don dteanga        | don teanga        |

- ‘...faoi dheisceart na hAfraice...’

Conas a chuirfeá Gaeilge ar na frásaí seo a leanas?

in the northeast  
going west  
in the east  
in the southwest  
South America  
the North Pole  
the North  
going south  
Northern Ireland

- ‘...ó thaobh na polaitíochta agus ó thaobh an tsaoil mhóir...’

Cén ghramadach atá i gceist sa fhrása thuas?

- ‘*away liom*’ – cad a thugtar ar an ngné seo den teanga? Cén dearcadh atá agat i leith úsáid an Bhéarla sa chaint i nGaeilge?

Anois léigh an sliocht gearr seo as an *Encyclopedia of Bilingualism agus Bilingual Education*.

Codeswitching is a change of language within a conversation, most often when bilinguals are in the company of other bilinguals...codeswitching occurs when items from another language are introduced into the base language...codeswitching may occur in large blocks of speech, between sentences or within sentences...while bilinguals do consciously codeswitch, usually the event is subconscious. Monolinguals who hear bilinguals codeswitch may have negative attitudes towards codeswitching, believing that it shows a deficit, or a lack of mastery of both languages. Bilinguals themselves may be defensive or apologetic about their codeswitching and attribute it to laziness or sloppy language habits. However, studies have shown that codeswitching is a valuable linguistic strategy. It does not happen at random. There is usually considerable purpose and logic in changing languages.

Cad a cheapann tú faoin ráiteas seo: ‘monolinguals who hear bilinguals codeswitch may have negative attitudes towards codeswitching, believing that it shows a deficit, or a lack of mastery of both languages.’?

Anois léigh an véarsa seo as an dán ‘Shocktin’ le Michael Davitt. Cad atá á rá aige ann?

### ***Domhnach***

siúrálta glan tá claochló  
míchuibhseach  
imithe ar an saol  
is ar theanga ársa na nGael  
nuair a chualathas ag an mbord  
sa tigh seo aréir:  
‘cuir chugam an tUtterly  
Butterly’  
cé dúirt?  
mé fhéin?

## **Iarobair**

### **Plé**

- An bhfuil aon cheann de na nithe a rinne Beirní ina saol a gcuirfeá féin spéis ann?
- Luann Beirní an taitneamh a bhain sí as a tréimhse thar lear. An bhfuil sé ar intinn agatsa am a chaitheamh thar lear mar chuid de do chéim?

### **Tascanna**

- Cuir le chéile cuntas ar do thaithí oibre a bheadh oiriúnach do do chúrsa beatha. Féach ar an gcúrsa beatha samplach as an lámhleabhar *Do Ghairm le Gaeilge* le cabhrú leat. Tá nasc chuig an lámhleabhar iomlán ar fáil ag <http://gradireland.com/languages/> más spéis leat é. Cad a shíleann tú de leagan amach an chúrsa beatha shamplaigh?
- Ansin samhlaigh go bhfuil tú ag cur isteach ar phost ar leith don samhradh. Cad iad na hathruithe a chaithfeá a dhéanamh ar do chúrsa beatha chun é a chur in oiriúint don phost áirithe sin?
- Samhlaigh go bhfuil tú ag iarraidh cur isteach ar cheann de na poist in Aontas na Mac Léinn. Tá tú ag iarraidh cur síos tarraingteach a scríobh fút féin a bheadh oiriúnach don ábhar bolscaireachta do na toghcháin. Cum agus dear an cur síos sin.

- Forbair pointí i bhfabhar agus i gcoinne an rúin díospóireachta ‘Bliain thar lear ar scéimeanna *Erasmus* – cur amú ama’.

## Téipscript

Agus is cuimhin liom go maith go raibh sé sa cheann agam ar feadh cúpla bliain sara gcríochnaíos i gCnoc Síon go dteastaigh uaim dul ag obair san Afraic, agus go dteastaigh uaim rud éigin a dhéanamh ar mhaithe le, is dócha, buíochas a ghabháil leis an bhFear in airde as saol réasúnta maith a thabhairt dom go dtí san. Agus tharla sé go dtáinig APSO go dtí an coláiste lá amháin, agus eagra leathstáit a bhí iontusan a bhí ag plé le hobair dheonach san Afraic ag an am, agus th'anam 'on diabhal cad dúradar a bhí acu ná post thíos i Lesotho do mhúinteoir tís. Bhí agam. Chuireas isteach air agus *away* liom laistigh de leathbhliain. Bhí ceithre mhí tugtha ag múineadh agam san Uaimh ach a gcríochnaíos i gCnoc Síon, agus ansan sin é an uair a thugas faoi dheisceart na hAfraice agus bhíos ag múineadh ansan amuigh agus ag plé le hobair ar shiollabas nua Tís a fhorbairt don dtír chomh maith. Blianta iontacha – bhíodar go diail ar fad. Ach cogar, táim dulta ar bhóiléagar anois ó chúrsaí oideachais, cé is go, nuair a chuimhním siar air, gurb í an Afraic an t-oideachas ab fhearr a fuair as na blianta ar fad a chaitheas ag teacht is ag imeacht go dtí coláistí agus go dtí ranganna agus ag scríobh aistí is a leithéid. Ach nuair a thána abhaile tar éis ceithre bliana, ar aon chuma, am' baiste féin, ní raibh aon fhonn orm dul ag múineadh in Éirinn, agus is é an t-eagla\* is mó a bhí orm ná go bhfaighinn post a mbeadh pinsean á leanúint agus go mbeadh beirthe orm ansin. Bhí ana-scanradh orm go gcuirfí ceangal orm in aon áit in Éirinn, mar is é an rud a bhí sa cheann agam bliain a thabhairt ag baile agus scaoileadh faoi amach chun na hAfraice arís. Bhí an oiread sin de dhúil agam i saol na hAfraice faoin dtráth sin.

Ach pé scéal é, chuala trácht ar an gcúrsa seo a bhí le tosú thuas in Ollscoil na Gaillimhe agus bhí an cúrsa bunaithe le díriú isteach ar ghátar a bhí le hiriseoirí agus léiritheoirí agus láithreoirí agus lucht ceamara agus a leithéidí sin, toisc go raibh an rialtas meáite ar thús a chur le TG4 laistigh de bhliain nó dhó. Thugas faoi ar aon chuma, agus níor cheapas go bhfaighinn aon áit ar an gcúrsa, ach th'anam 'on diabhal go bhfuair as, agus dheineas an cúrsa agus thaitin sé anamhór liom, agus níos mó ná san thaitin an bhliain sa Ghaillimh liom. Mar, an dtuigeann tú, bhí céim agamsa sa Tíos agus sa Ghaolainn, ach is beag duine againn a bhí ag staidéar na Gaolainne i gCnoc Síon agus ní raibh aon bhéim ar an nGaolainn i gCnoc Síon agus cheapas ar shlí gur ar neamh a bhíos ach a rabhas istigh san ollscoil sa Ghaillimh, mar ní fhéadfainn a chreidiúint go raibh an oiread béime ar an nGaolainn agus go raibh oiread measa ar an gcainteoir dúchais agus ar an té go raibh spéis acu sa Ghaolainn. Bhíos ana-thógtha ar fad leis agus 'bhreá liom an bhliain a thugas istigh san ollscoil. In ana-chuid slite bhláthaíos agus bhláthaigh mo chuid Gaolainnese agus mo dhílseacht dom' dhúchas agus don dteanga. Ach nuair a bhí an bhliain sin istigh ar aon chuma, chuireas isteach ar laethanta oibre sa Raidió – Raidió na Gaeltachta. Arís, ní raibh sé sa cheann agam ach b'fhéidir cúpla mí oibre a dhéanamh agus bailiú liom chun na hAfraice ansan. Agus nach ait an rud é, is dócha nach raibh ach leathbhliain déanta sa Raidió agam nuair a rug an rud ar fad greim uafásach ar mo chroí agus ar m'intinn agus ar mo mheabhair agus bhí deireadh leis an Afraic ansan.

Anois nílím ag rá go raibh deireadh leis an Afraic go hiomlán, mar téim thar n-ais chun na hAfraice na' 'haon bhliain mar d'fhágas cairde iontacha amuigh ann, ach deinim amach go dtána go dtí pointe de mo shaol go ndúrt liom féin go raibh sé in am agam filleadh ar mo dhúchas féin agus rud éigin a dhéanamh ar mhaithe le mo phobal féin agus mo mhuintir féin – agus mo theanga féin níos mó ná aon ní eile – agus táim sa Raidió ó shin. Sin trí bliana déag, seachas briseadh gairme a thógas trí bliana ó shin ach a dtugas m'aghaidh ar an mBruiséil. N'fheadar cén saghas tochais a thagann sna lúidíní ormsa go gcaithfidh mé a bheith ag imeacht i gcónaí, ach ní hé go rabhas bailithe den Raidió cúpla bliain siar, ach is dócha go dteastaigh athrú, agus thugas faoi Pharlaimint na hEorpa agus thugas bliain go leith ansan ag obair in éineacht le páirtí atá i rialtas sa tír seo faoi láthair anois – le Fianna Fáil – agus bhaineas ana-shásamh ar fad as – ana-shásamh ar fad. Arís, oideachas iontach ab ea é ach oideachas difriúil – ní raibh foirmeáltacht ar bith ag baint leis ach amháin gur oideachas iontach ó thaobh na polaitíochta agus ó thaobh an tsaoil mhóir chomh maith é. Agus thána abhaile as san, thugas bliain ag baile agus thugas ansan faoi iarchéim sa Phleanáil Teanga. Bhí sé in am arís rud éigin a dhéanamh, a bhraitheas féin i mo chroí. Agus bhíos ag faire amach d'iarchéimeanna difriúla sa Ghaolainn, agus i ndáiríre ní hé an oiread sin spéise a bhí agam i gcúrsaí litríochta le go dtabharfainn faoi rud éigin mar sin. Theastaigh rud éigin níos praiticiúla uaim, agus is dócha toisc go bhfuilim ag obair in earnáil na Gaolainne agus go bhfuil an rud a bhfuilim ag plé leis ana-phraiticiúil ó thaobh na hiriseoireachta agus gairm na craoltóireachta, mheasas go mb'fhéidir gurb í an Phleanáil Teanga\*\* ab fhearr dom féin. Agus tá sé sin bun-déanta anois agam – níl le déanamh agam ach an tráchtas. Bhaineas ana-shásamh as. Is breá liom an t-ábhar a bhaineann leis an iarchéim áirithe seo, agus cad atá le rá agam ach amháin go bhfuilim ag súil go n-osclóidh doras éigin eile dom ach a mbeidh deireadh déanta agam san Acadamh, agus le cúnamh Dé pé rud a thiocfaidh chugam go scaoilfidh mé faoi le dúthracht agus le dílseacht faoi mar atá súil agam atá déanta agam le haon phost a dheineas suas go dtí seo.

\* baininscneach sa Chaighdeán Oifigiúil

\*\* 'gurb é an Pleanáil Teanga' a deirtear.



# CV Samplach

Mark O'Rourke  
32 Páirc Fhionnradhairc  
Baile Átha Cliath 3  
Teil: 01 8843340  
Ríomhphost: morourke@hotmail.com

## Oideachas

2008–2010

**MA sa Chleachtas Dátheangach (páirtaimseartha), Fiontar, DCU**

Feasacht Teanga; An Ghaeilge agus an Dlí; Dátheangachas agus Fiontraíocht; Modhanna Taighde 1 & 2; Earcú agus Forbairt Foirme, Freagracht Chorpáraideach agus Dátheangachas; Bainistíocht Acmhainní Eolais; Scéim Reachtúil don Dátheangachas; Reachtaíocht Teanga agus Caighdeán Seirbhíse; Foilsitheoireacht agus Dearadh Dátheangach; An Ghaeilge sa tSochaí Chomhaimseartha.

Ábhar tráchtais: Ról na Gaeilge i gCumann Lúthchleas Gael.

2008

**BA sna Daonnachtaí, Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath H2:1**

An bhliain dheiridh 2007–2008

Béarla: Litríocht, teanga agus anailís

Nua-Stair: Stair na hÉireann, na Breataine, na hEorpa agus Mheiriceá.

Ábhair tionscadail: Spórt in Éirinn san fhichiú haois

1999–2004

**An Ardeistiméireacht, Pobalscoil Charn Domhnaigh, Dún na nGall**

Béarla B, Fraincis B, Gaeilge A, Matamaitic B, Ceol B, Ealaín gnáthleibhéal B, Fisic B.

## Stair fostaíochta

2008 go dtí an t-am i láthair

Cúntóir Margaíochta, Oideas Gael, Gleann Cholm Cille

Margaíocht a dhéanamh ar chúrsaí turasóireachta cultúrtha do mhargai Éireannacha agus idirnáisiúnta; cúram custaiméirí le linn na gcúrsaí.

**Meán Fómhair 2006 – Lúnasa 2007**

Cúntóir Tionscadail, Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Thug mé cúnamh don Stiúrthóir le margaíocht agus bainistíocht cúrsaí cónaitheacha. Chinntigh mé go ndeachaigh gach rud i gceart sna cúrsaí go léir. Rinne mé comhordú ar tháirgeadh an bhróisiúir bhliantúil agus ábhar cúrsa do na mic léinn.

**Samhradh 2006**

Múinteoir Cúnta, *Irish Centre for Talented Youth*, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Chabhraigh mé le planáil agus múineadh na scríbhneoireachta cruthaithí trí Ghaeilge do ghrúpaí déagóirí 15 bliana d'aois a bhí roghnaithe go speisialta.

**Samhradh 2005**

Múinteoir Cúnta, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí



## Obair Dheonach

### Samhradh 2008

Rinne mé obair dheonach le Habitat for Humanity, Khammam, Andhra Pradesh, an India, faoi scáth IndiaBUILDS, tionscnamh straitéiseach chun titheocht fheabhsaithe agus córais séarachais bainteacha a chur ar fáil do 250,000 duine.

### 2005–2006

Teagascóir, Clár BITE, Scoil Chuimsitheach Bhaile Munna, Baile Átha Cliath  
Chuir mé teagasc duine ar dhuine ar fáil i nGaeilge do scoláirí Ardeistiméireachta. Fuair mé taithí maidir lena bheith ag obair le daltaí faoi mhíbhuntáiste.

### Próifíl scileanna

**Cumarsáid:** táim ábalta labhairt agus scríobh go soiléir i nGaeilge, agus tá sárscileanna cur i láthair agam.

**Scileanna eagraíochtúla:** tá seónna léirithe agus imeachtaí eagraithe go rathúil agam sa choláiste agus in Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

**Scileanna cruthaitheacha:** táim bainteach le drámaíocht agus scríbhneoireacht chruthaitheach.

**Obair bhuíne:** d'fhorbair mé na scileanna seo trí ghníomhaíochtaí oibre agus fóillíochta.

**Ceannaireacht:** bhí mé mar cheannaire foirne le HFH in India i Samhradh 2008.

**Ríomhairí:** Microsoft Word 8.0, Excel 7.0, SPSS.

**Teangacha:** líofa sa Ghaeilge, Teastas RELSA in TEFL.

## Ábhair spéise agus gnóthachtálacha

**Snámh:** snámhaí den scoth, boinn buaite agam ag na Cluichí Pobail.

**Teatar:** Uachtarán ar Chumann Drámaíochta Naomh Pádraig in 2007, stiúradh agus aisteoireacht déanta agam in a lán léiriúchán.

**Scríbhneoireacht:** filíocht agus gearrscéalta Gaeilge, ghlac mé páirt i bhFéile Bhliantúil na Gaeilge ó 2005–2009.

**Scannáin:** scannáin idirnáisiúnta go háirithe, a thugann tuiscint ar chultúir eile.

## Moltóirí

An Dr ...

Ceann Roinn na Gaeilge

Coláiste Phádraig

Droim Conrach

Baile Átha Cliath 9

Teil: 01-8842000

Ríomhphost:...

An tUasal...

Stiúrthóir

Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Baile an Fheirtéaraigh

Co. Chiarraí

Teil:...

Ríomhphost:...